



# Gaelscoil na Cruaiche

(Bunaithe: 1995. Príomhoide: Mairéad Ní Ruáin)

Cathair na Mart, Contae Mhaigheo

Fón: 098 28121 Ríomhphost: [cruaiche.ias@eircom.net](mailto:cruaiche.ias@eircom.net)

Suíomh idirlíne: [gaelscoilnacruaiche.com](http://gaelscoilnacruaiche.com)

22ú Bealtaine, 2023

A thuismitheoirí dhil,

Bail ó Dhia oraibh.

Agus muid ag teacht go dtí deireadh mí Bealtaine, iarraim oraibh an nuachtlitir a léamh go cúramach, ionas go mbeidh na páistí ullamh don seachtain. Tá aimsir bhreá geallta don seachtain agus iarraim oraibh uachtar gréine a chur ar na páistí agus iad ag teacht ar scoil.

*As we approach the end of May, please read the newsletter carefully as there are many activities taking place. With fine weather forecast for this week, please ensure the children have suncream on coming to school.*

## Gradam Eolaíochta agus Mata

Bhí go leor imeachtaí Mata agus Eolaíochta ar siúl againn i rith na bliana. Dá bharr sin, cuireann sé an-áthas orm a chur in iúl daoibh gur bhaineamar amach an Gradam Eolaíochta agus Mata arís i mbliana. Comhghairdeas le Múinteoir Colm a d'eagraigh na himeachtaí, na múinteoirí agus na páistí ar fad a rinne sár-obair i rith na bliana.

*Excellence in Science and Maths Award*

*Lots of different Science and Maths activities took place throughout this school year. As a result, I am delighted to inform you that we have been awarded the Excellence in Science and Maths Award again this year. Congratulations to Múinteoir Colm, all the teachers and children who have worked so diligently all year.*

## An Chéad Fhaoistin/An Chéad Chomaoine

Beidh buachaillí Rang a 2 ag déanamh a gCéad Fhaoistin agus a gCéad Chomaoine an deireadh seachtaine seo i Séipéal an Bhaile. Tá súil againn go mbeidh deireadh seachtaine an-speisialta acu ar fad. Ár mbuiochas do Mhúinteoir Tara atá á n-ullmhú. Go n-éirí go geal libh.

*First Confession/First Holy Communion*

*The boys in second class will make their first Confession and Holy Communion this weekend in St. Mary's Church in Westport. Many thanks to Múinteoir Tara for preparing them for the sacraments. We hope they all have a very special weekend.*

## Seisiún cispheile

Beidh seisiún cispheile ar siúl an Luan seo chugainn, 29ú Bealtaine do R5 agus R6 le Cumann Cispheile Chathair na Mart. Beidh ar na páistí na héadaí spóirt a chaitheamh ar an lá. Míle buiochas do Mhúinteoir Celine a d'eagraigh é.

*Basketball session*

*Westport Basketball Club will run a basketball session for R5 & R6 next Monday, 29<sup>th</sup> May. The children will have to wear their sports uniform for this. Many thanks to Múinteoir Celine for organising it.*

## Oideachas Caidreamh agus Coll

**Beidh oíche eolais maidir leis an gclár Oideachas Caidreamh agus Coll ar siúl do thuismitheoirí agus páistí Rang 6 amháin an Mháirt seo chugainn, 30ú Bealtaine. Tosóidh an cruinniú ar a 7.00 i.n. Ní bheidh cead ag na daltaí freastal ar an oíche gan tuismitheoir leo.**

*Relationships and Sexuality Education*

*I would like to inform the parents of pupils in **Rang 6 only** that an information evening, **for both pupils and parents**, on the Relationships and Sexuality Education programme, will be held in the school next Tuesday, 30th of May at 7.00pm. I remind parents that children will not be allowed to attend the night without a parent present.*

#### **Comórtas Chumann na mBunscol (Peil)**

Bhí na foirne sinsireacha, cailíní agus buachaillí, ag imirt cluiche Chumann na mBunscol an tseachtain seo caite. Bhaineadar an-taitneamh astu. Bhí mí-ádh ar an cailíní, agus chailleadar a gcluiche i ndiaidh am breise. Míle buíochas do Mhúinteoir Colm, Neasa agus Aislinn atá sásta an fhoireann a thraenáil agus a thabhairt ag na cluichí.

*Cumann na mBunscol Football Competition*

*Our boys' and girls' senior football teams were back in action last Friday morning. They really enjoyed the games. The girls were very unlucky to lose their match after extra time. Many thanks to Múinteoir Colm, Neasa and Aislinn who are willing to train the teams and bring them to the matches.*

#### **Comórtas Chumann na mBunscol (lomáint)**

Bhí cluiche leath-cheannais an chondae ar siúl ar an Mháirt seo caite. Bhí mí-ádh orthu agus chailleadar in aghaidh foireann láidir ó Bhreac Luain. Buíochas do Mhúinteoir Julie a bhí sásta an fhoireann a thabhairt ag an gcluiche.

*Cumann na mBunscol Hurling Competition*

*Our Senior hurling team played the Cumann na mBunscol semi-final last week. They came up against a very strong Brackloon team unfortunately. Thanks to Múinteoir Julie who accompanied the team to the various competitions. Best of luck to all!*

#### **Comórtas Chumann na mBunscol (Camógaí)**

Beidh ár bhfoireann camógaí ag imirt i gcomórtas Chumann na mBunscol ar an Déardaoin an 1ú Meitheamh. Buíochas do Mhúinteoir Julie atá sásta an fhoireann a thraenáil agus a thabhairt ag na cluichí. Go néirí libh, a chailíní!

*Cumann na mBunscol (Camogie)*

*Our senior camogie team play their Cumann na mBunscol matches on Thursday, 1<sup>st</sup> June in Castlebar. Thanks to Múinteoir Julie who is accompanying the team to the various competitions. Best of luck to all!*

#### **Seachtain Náisiúnta Rothaíocht ar Scoil**

Bhí an-lá ag R6 agus iad ag rothaíocht timpeall an bhaile faoi stiúr Chomhairle Chondae Mhaigh Eo. D'fhoghlaim siad go leor agus bhaineadar an-úsáid as na riallacha agus na scileanna a d'fhoghlaim siad agus iad ag freastal ar an gcúrsa rothaíochta le déanaí. Míle buíochas do Mhúinteoir Celine agus Neasa a thug ann iad.

*National Bike to School Week*

*R6 had a great day cycling around Westport as part of Bike Week, under the stewardship of Mayo County Council. They learnt lots and were able to put many of the new skills and rules learnt recently to practice. Many thanks to Múinteoir Celine and Neasa who accompanied them.*

**Corn Tom Ticher**

**Bhí cuairteoirí speisialta againn an tseachtain seo caite nuair a tháinig scoláirí agus múinteoirí ó Choláiste Rís ar cuairt leis an gCorn Tom Ticher a bhuaigh siad le déanaí. Chuireamar fáilte speisialta roimh ár niar-scoláirí, Cillian & Ethan Mac Phinn, Jack Ó Máille agus an múinteoir Darach Ó Conghaile. Éacht iontach craobh na hÉireann a bhuachaill agus déanamíd comhghairdeas leo.**

**Míle buíochas dóibh as ucht cuairt a thabhairt orainn leis an gCorn.**

*Tom Ticher Cup*

*We had special visitors last week when students and teachers from Rice College visited the school with the Tom Ticher Cup which they won recently. We gave a special welcome to our past pupils, Cillian & Ethan Mac Phinn, Jack Ó Máille, and teacher/coach, Darach Ó Conghaile. We congratulate them on this wonderful achievement in winning the All-Ireland competition. Many thanks to all involved in organising this visit.*

**Cuairt Erasmus**

**D'fhágamar slán le Jesús Martinez Canóvas ar an Déardaoin. Chaith sé 10 lá linn ag foghlaim faoin tumoideachas agus faoi chóras oideachais sa tír seo. Mhol sé caighdeán teanga na bpáistí, chomh maith leis an gcaighdeán ard ceoil agus spóirt a bhí le feiceáil. Maith sibh a pháistí!**

*Erasmus Visit*

*Our visiting teacher from Spain, Jesús Martinez Canóvas, spent 10 days with us as part of the Erasmus Plus project. He was focusing on immersion education and the Irish education system. He was very impressed with the children, in particular their fluency and the high standard of music and sport on display. Well done to all!*

**“Super 8s”**

**Beidh na cluichí “Super 8s” ag tosnú sna hardranganna an tseachtain seo chugainn. Iarraim oraibh a chinntíú go mbíonn an fearas iománaíochta/camógaí/peile acu ar na laethanta cuí.**

**“Super 8s”**

*The “Super 8s” games will begin for the senior classes next week in school. Please ensure that your children have their hurling/camogie/football gear coming to school on the correct days.*

**Peil Gaelach**

**Leanann an pheil Gaelach le R1-R3 ar aghaidh amárach le Tim ó CLG Chathair na Mart. Caithfidh na páistí éadaí reatha na scoile a chaitheamh. Tá síul againn go mbainfidh siad an-taitneamh as na seisiún seo.**

*Gaelic Football*

*The Gaelic football sessions for R1-R3 with Tim from Westport GAA continue tomorrow. The children must wear their sports uniform for this. We hope they enjoy these sessions.*

**Ceardlann Scratch**

**Leanfaidh R5 & R6 ar aghaidh leis na ceardlainn Scratch ar an Aoine seo. Tá siad ag foghlaim faoi chódúcháin agus obair ar ríomhairí. Ár mbuíochas do Sorcha Hellberg atá sásta na ceardlainn seo a dhéanamh.**

*Scratch Workshops*

*Rang 5 & Rang 6 continue their series of Scratch workshops next Friday. They are learning about coding and working with computers. Many thanks to Sorcha Hellberg for facilitating these workshops.*

### **Ag siúl/rothaíocht abhaile**

Iarraim oraibh a chinntiú go gcuirtear litir isteach má theastaíonn uait go siúlfaidh/rothóidh do pháiste abhaile ón scoil. Níl sé de chead ag páistí siúl/rothaíocht muna bhfuil an litir seo againn.

### **Míle buíochas.**

*Walking/Cycling from school*

*Please ensure to send a letter in with your child/children if you wish them to walk/cycle from school.*

*Children will not be able to walk/cycle home without this permission slip.*

### **Leabhar Liostaí 2023**

**Beidh eolas maidir leis na leabhair ag teacht ag deireadh na míosa.**

*Booklists 2023*

*Information regarding the booklists for next year will be sent out at the end of the month.*

### **Rince Gaelach:**

Beidh na ranganna rince le Múinteoir Patricia ar siúl arís an tseachtain seo. Cosnaíonn an rince €25.00 in aghaidh an téarma don pháiste, €35.00 do bheirt agus €45.00 má bhíonn níos mó na beirt pháiste i gceist. Míle buíochas dóibh siúd a d'íoc cheana féin.

### *Irish Dancing*

*Irish dancing classes with Múinteoir Patricia continues this week. These classes cost €25.00 per child, €35.00 for two children and €45.00 for families of three and over per term. Many thanks to those who have already paid.*

### **Ceardlann Frith-Bhullaíochta**

Beidh an comhlacht Bully4You ag rith ceardlann frith-bhullaíochta sa scoil ag páistí R1-R6 ar an gCéadaoin 7ú Meitheamh. Beidh téamaí difriúla á dhéanamh acu agus beidh deis ag na páistí pléigh a dhéanamh agus páirt a ghlaodadh i ról-imirt i rith na ceardlinne. Beidh seisiún ar siúl an oíche sin ar líne do thuismitheoirí. Cuirfear an nasc chugaibh níos cóngraí don am. Molaimíd go mór do thuismitheoirí freastal ar an seisiún seo.

### *Anti-Bullying Workshops*

*The Bully4You company will visit the school on Wednesday 7<sup>th</sup> June to run anti-bullying workshops with R1-R6. They will deal with various themes and issues and the children will have opportunities to discuss and partake in role play scenarios during the workshops. An online session will be available for parents that evening. The link will be sent to you closer to the time. We strongly recommend that parents attend this session.*

### **Seachtain Gníomhaí**

Beidh Seachtain Gníomhaí ar siúl sa scoil ón 6ú – 9ú Meitheamh. Beidh go leor imeachtaí difriúla ar siúl i rith na seachtaine. Beidh ar na páistí éide spóirt na scoile a chaitheamh gach lá ag teacht ar scoil.

### *Active School Week*

*Our Active School Week takes place this year between 6<sup>th</sup> – 9<sup>th</sup> June. There will be lots of different activities for the children. Please ensure your child/children wears the school sports uniform every day that week.*

### **Comórtas Cuimhneacháin Pat Cox**

Beidh dhá fhoireann ón scoil ag glacadh páirt san chomórtas seo ar an 8ú Meitheamh i gCathair na Mart. Tá síúl againn go mbainfidh siad an-taitneamh as an lá. Míle buíochas do Mhúinteoirí Sinéad agus Julie atá i gceannas ar na fóirne. Go n-eirí libh ar fad.

*Pat Cox Memorial Competition*

*We have two teams taking part in this competition on June 8<sup>th</sup> in the Westport GAA pitch. We hope they have a very enjoyable day. Many thanks to Múinteoir Sinéad and Julie who are taking the teams.*

### **Aifreann Fágála Rang 6**

**Beidh Aifreann fágála Rang 6 ar siúl i halla na scoile ar an gCéadaoin 21ú Meitheamh ar a 1.00 i.n.  
Graduation Mass**

*The Graduation mass for Rang 6 will take place on Wednesday, 21<sup>st</sup> June at 1pm in the school hall.*

### **Lá Sheosamh Uí Bhéarra**

**Beidh daltaí Rang 6 ag ceiliúradh an lá speisialta seo i gcuimhne ar Sheosamh Uí Bhéarra ar an Déardaoin, an 22ú Meitheamh. Míle buíochas do mhuintir Uí Bhéarra atá ag eagrú an lá dóibh. Tá súil againn go mbeidh an-lá acu.**

### **Joe Berry Fun Day out**

*Our annual Joe Berry Fun Day out for pupils in Rang 6 will take place on Thursday, 22<sup>nd</sup> June. A special word of thanks to the Berry family who are organising this day for the children. In the spirit of Joe Berry, our former Chairperson, we hope they have a great day.*

### **Scrúdaithe Caighdeánacha**

**Beidh na scrúdaithe caighdeánacha ar siúl i Mí Bealtaine. Iarraim oraibh a chinntíú go mbeidh na daltaí ar scoil gach lá an mhí seo más féidir. Beidh cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí ar siúl go luath ina dhiaidh má bhíonn gá leo.**

### **Standardised tests**

*The standardised testing will take place in the school during the month of May. In order that all exams are properly administered, please ensure that all pupils are in attendance during this month. Should the need arise, the teachers will organise parent/teacher meetings after these tests are completed.*

### **Turas Scoile:**

**Beidh an t-eolas i leith na turais scoile curtha amach agaibh go luath.**

### **School Tours**

*The information regarding the school tours will be made available shortly.*

### **Laethanta Saoire an tSamhraidh**

**Beidh an scoil ag dúnadh ar an Aoine, an 23ú Meitheamh do laethanta saoire an tsamhraidh (12.00 i.n. do na naónáin agus 12.30i.n. do Rang 1-6) agus ag athoscailt ar an gCéadaoin, an 30ú Lúnasa 2023 ag a 9.00 r.n..**

### **Summer Holidays**

*The school will close on Friday, the 23rd June for the summer holidays (12.00 noon for the infants and 12.30 pm for Rang 1-6) and will re-open on Wednesday, 30th August 2023 at 9.00am sharp.*

### **Seomra is Slachtmhara**

**Comhghairdeachas le Rang 2 a bhuaigh an chomórtas seo maidin inniu.**

### **Tidiest room Award**

*I would like to congratulate the pupils in Rang 2 who were awarded the Tidiest Room Award today.*

### **Gaeilgeoirí na Seachtaine:**

**Comhghairdeas do na páistí thíos a bhuaigh an gradam an tseachtain seo.**

*Congratulations to all the following children who won the award this week.*

**Naónáin Bheaga:** Niamh Ní Ríain/Maitíú Mac Liam

**Naíonáin Mhóra:** Charlotte Ní Nuanáin Daimhin Ní Chonbhuí-Chorráin

**Rang 1:** Zach Ó Faolán/Kai Ó Briain

**Rang 2:** Daire Ó Riain/Mae Nic Liam

**Rang 3:** Charlie De Búrca

**Rang 4:** Ellie Ní Chorracáin

**Rang 5:** Willow Ní Mháille

**Rang 6:** Anitha Ní Cheallaigh

#### **Gradam Cineáltais**

**Mar chuid den síriú ar chineáltais agus tuisceana, bronnadh duaiseanna ar na páistí thíos.**

As part of our focus on kindness and understanding, the following pupils won awards this week.

**Naíonáin Bheaga:** Jolie Ní Chátháin

**Naíonáin Mhóra:** Ruadhán Ó Tuathail

**Rang 1:** Ciarán Mac Cathmhaoil

**Rang 2:** Emma Ní Chonmara

**Rang 3:** Emilí Rós Nic Liam

**Rang 4:** Shea Ó Ríain

**Rang 5:** Gráinne Ní Lannchaidh

**Rang 6:** Pádraig Mac Donnacha

**Mo bhuíochas libh as ucht bhur dtacaíocht.**

*Thanking you for your continued support.*

**Is mise le meas,**

---

**Caroline Nic Dhonncha (P.O.F.)**